



# ELeathanach 421

Dé Luain, an 24 Deireadh Fómhair 2022




## Ainmí nua i bPáirc Dhúlra Fota

Rugadh an chéad srónbheannach Indiach in Éirinn le déanaí. Rugadh é i bPáirc Dhúlra Fota i gContae Chorcaí ar an naoú lá déag de mhí Mheán Fómhair.

Tá tuismitheoirí an ainmí naoi mbliana d'aois. Maya is ainm dá mháthair agus Jamil is ainm dá athair. Níl ainm ag an srónbheannach nua go fóill, ach tá Páirc Dhúlra Fota ag lorg cabhrach chun an t-ainm nua a roghnú.

Deir Aidan Rafferty, a oibríonn sa pháirc, go bhfuil siad thar a bheith sásta leis an ainmí nua agus go bhfuil ag éirí go maith leis an ainmí beag agus a mháthair.



## Soilse na Nollag á gcur in airde!

Cuireadh roinnt soilse Nollag suas i mBaile Átha Cliath cheana féin! Tá níos mó ná 60 lá fágtha fós go dtí an Nollaig, ach tá sceitimíní ar mhuintir na hÉireann cheana féin!

Tógann sé cúpla seachtain ar 30 oibrí na soilse ar fad a chur ina airde thar thréimhse ceithre seachtaine. Cuirfidh siad na soilse ar siúl i rith mhí na Samhna. Tá an t-am ag sleamhnú anois!

Ag an bpointe seo, meastar go mbeidh teochtaí ísle againn in Éirinn ag deireadh na bliana. An mbeidh sneachta againn i mbliana? Feicfidimid!

## Banc bia ag buachaill óg óna ghairdín

Nuair a bhí Isaac Winfield aon bhliain déag d'aois, d'úsáid sé an t-airgead a fuair sé dá lá breithe chun banc bia a thosú óna sheid sa ghairdín. Tá cónaí air i Sasana.

Thosaigh sé an banc bia in 2020 agus tá sé á rith aige fós inniu. Tá an banc bia tar éis fás an méid sin gur cheannaigh teaghlach Isaac seid nua chun na hearraí ar fad a stóráil.

Tá sé i gceist ag Isaac an banc bia a fhás agus a fhorbairt agus tá carthanacht áitiúil ag tabhairt urraíochta dó ionas gur féidir leis banc bia a oscailt ina shráidbhaile. Faoi láthair, is iad Morrison's agus Building Bridges atá ag tabhairt urraíochta dó.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

